

### Cad a Tharlóidh ina Dhiaidh Sin?

Beidh dul chun cinn na scéime bóthair tar éis na Tuarascála ar Roghnú an Bhealaigh faoi réir an mhaoiniúcháin atá ar fáil. Cinnfidh an chéad Chéim eile den Dearadh:

- caighdeán carrbhealaigh;
- straitéis do agus suíomh na n-acomhal;
- soláthar teachta air; agus
- sainmhíniú ar ailíniú bealaigh taobh istigh den chonair thosaíochta. .

### Tá do Thráchtanna Tábhachtach

Mar chuid den Taispeántas Eolais don Phobal, tugtar cuireadh do na páirtithe go léir agus do mhuintir an phobail a bhfuil suim acu ann tráchtanna a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt ar Chonair an Bhealaigh Tosaíochta. Tá tráchtanna ar Chonair an Bhealaigh Tosaíochta á n-éascú le Foirm Tráchtanna atá ar fáil in éineacht leis an mbróisiúr seo. Déanfar breithniú ar thráchtanna a gheofar i rith Chéim an Dearaidh.

Seo deis duitse páirt a ghlacadh i bpleanáil Scéim Bóthair an N2 ó Chluain Tiobrad go dtí teorainn Thuaisceart Éireann agus bheifí buíoch díot as an méid ama a chaitheá ar do thuairimí a chur in iúl. Déanfar breithniú mionsonraithe ar na tráchtanna agus na haighneachtaí a fuarthas.

Tá an bróisiúr seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin ag [www.monaghan.ie/routeselection](http://www.monaghan.ie/routeselection).

Is féidir Foirmeacha Tráchtanna comhlánaithe a thabhairt isteach ag an Taispeántas Eolais don Phobal, nó is féidir iad a sheoladh tríd an bpost sa chlúdach litreach SAORPHOIST atá curtha ar fáil. Ba chóir gach Foirm Tráchtanna a sheoladh ar ais go dtí Comhairle Contae

### Fiosrúcháin Bhreise

Ba chóir gach ceist nó trácht maidir leis an scéim seo a sheoladh go dtí:

Con McCrossan  
Comhairle Contae Mhuineacháin  
An Roinn Bóithre (An N2 ó Chluain Tiobrad go dtí teorainn Thuaisceart Éireann),  
Foirgneamh Mte 2,  
Cnoc an Chonnaidh, Muineachán,  
Contae Mhuineacháin  
Teileafón +353 (0)47 30558



# Scéim Bóthair an N2 ó Chluain Tiobrad go dtí teorainn Thuaisceart Éireann



## Conair an Bhealaigh Tosaíochta Bróisiúr Taispeántas Eolais don Phobal Mí Iúil 2012

### Cúlra

Is cuid de cheangal straitéiseach é an N2 idir Cluain Tiobrad agus teorainn Thuaisceart Éireann lena ndéantar freastal ar Dhoire agus ar an Iar-Thuaisceart, áit a soláthraítear leibhéal seirbhíse réasúnta dona do na húsáideoirí faoi láthair. Tá cur síos ar an ngá atá leis an N2 a fheabhsú mar cheangal straitéiseach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007 - 2013, agus sa Straitéis Náisiúnta Spásúil, 2002-2020. Cheap Comhairle Contae Mhuineacháin Grontmij Consulting Engineers chun forbairt bhealach an N2 a chur chun cinn, ó áit taobh thuaidh de shráidbhaile Chluain Tiobrad go dtí an teorainn le Thuaisceart Éireann agus tá fad 28 km i gceist.

### Stádas Faoi Láthair

Is é cuspóir an Taispeántais Eolais don Phobal agus an bhróisiúir seo ná nuacht a chur ar fáil do mhuintir an phobail ar stádas na scéime ar an N2 idir Cluain Tiobrad agus teorainn Thuaisceart Éireann faoi láthair. Tá Conair an Bhealaigh Tosaíochta cinnte anois le haghaidh na scéime agus tá sí ar taispeáint ar an leathanach thall. Tá an chonair atá ar taispeáint 400 méadar ar leithead agus tá sé i gceist na tograí bealaigh a fhorbairt inti amach anseo.


### Próiseas Roghnúcháin an Bhealaigh

Tá measúnú roghanna chonair an bhealaigh mar chuid de phróiseas roghnúcháin bealaigh trí chéim, mar atá mínithe i dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadal an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) (2010):

- Céim 1 – Measúnú ar Réamhroghanna
- Céim 2 – Meastóireacht Tionscadail ar Roghanna Bealaigh
- Céim 3 – Rogha Chonair an Bhealaigh Tosaíochta

Rinneadh gearrliosta idir céim 1 agus 2, a raibh sé mar thoradh air go ndearnadh measúnú comparáideach idir trí bhealach maidir leis an timpeallacht, barainneacht, sábháilteacht, inrochtaineacht agus comhtháthú. Tháinig an chonair tosaíochta chun cinn mar an rogha is fearr feidhmíocht, ó thaobh na gcritéar meastóireachta coitianta seo de. Tá cur síos ar bhealach na conaire tosaíochta ar an leathanach thall.





**Baile Mhuineacháin**

**Cluain Tiobrad**

**Glasloch**

**Scairbh na gCaorach**

**Ceangal todhchaí le Conair Iompair A5 an Iarthair**

**Achadh na Cloiche**

### Cur síos ar an mBealach

Síneann Conair an Bhealaigh Tosaíochta ó Chluain Tiobrad siar ó thuaidh i dtreo Chaisleán an tSiáin ar dtús, ag dul thar an mbaile ar an taobh thiar theas, agus uaidh sin trasnaíonn sí an bóthar N2, arb ann dó cheana, gar do bhaile fearainn Chorr Mhurchaidh sula leanann ar aghaidh chuig Corr Dhuibhlis. Síneann an chonair siar ó thuaidh ina dhiaidh sin, trasnaíonn sí an bóthar N12 agus Canáil Uladh gar do bhaile fearainn Chruail atá soir ó thuaidh ó Bhaile Mhuineacháin, trasnaíonn sí an Abhainn Dhubh ag Faulkland (Uachtarach) agus leanann ar aghaidh chuig an Mullach Breac. Uaidh seo síneann sí ó thuaidh i dtreo Droim Chatha mar a ritheann sí feadh bhruach thiar Loch Droim Chatha sula dtéann sí thar Dhoire Shalach, áit a dtrasnaíonn sí an bóthar N2, arb ann dó cheana, go díreach taobh ó thuaidh de Chorr an Chrainn. Tar éis di Abhainn an tSléibhe a thrasnú agus gabháil thar Scairbh na gCaorach laistiar de shráidbhaile Droim Mullaigh, casann an chonair soir ó thuaidh agus trasnaíonn an bóthar N2, arb ann dó cheana, idir an dá bhaile fearainn Leanach agus Cnoc Chiarabháin. Leanann sí ar aghaidh chuig baile fearainn Droim Chonrach, mar a gasann sí siar ó thuaidh i dtreo bhaile fearainn Choillidh Dhonnchaidh. Uaidh sin síneann sí ó thuaidh i dtreo a críche ar theorainn Thuaisceart Éireann ag Droichead na Mai.